



SEANAD ÉIREANN

**AN BILLE UM AN DARA LEASÚ IS TRÍOCHA AR AN
mBUNREACT (DEIREADH A CHUR LE SEANAD
ÉIREANN), 2013**

**THIRTY-SECOND AMENDMENT OF THE CONSTITUTION
(ABOLITION OF SEANAD ÉIREANN) BILL 2013**

**LEASUITHE COISTE
COMMITTEE AMENDMENTS**

SEANAD ÉIREANN

AN BILLE UM AN DARA LEASÚ IS TRÍOCHA AR AN mBUNREACTH
(DEIREADH A CHUR LE SEANAD ÉIREANN), 2013
—AN COISTE

THIRTY-SECOND AMENDMENT OF THE CONSTITUTION
(ABOLITION OF SEANAD ÉIREANN) BILL 2013
—COMMITTEE STAGE

*Leasuithe
Amendments*

SECTION 1 ALT 1

Section opposed.

—Senators David Norris, Sean D. Barrett, Feargal Quinn, John Crown,
Diarmuid Wilson, Katherine Zappone, Mary Ann O'Brien, Jim Walsh.

Cuirtear i gcoinne an ailt.

—Na Seanadóirí David Norris, Sean D. Barrett, Fearghal Ó Cuinn, Seán Ó
Coróin, Diarmuid Mac Liam, Katherine Zappone, Mary Ann O'Brien, Séamus
Breathnach.

SECTION 2 ALT 2

Section opposed.

—Senators David Norris, Sean D. Barrett, Feargal Quinn, John Crown,
Diarmuid Wilson, Katherine Zappone, Mary Ann O'Brien, Jim Walsh.

Cuirtear i gcoinne an ailt.

—Na Seanadóirí David Norris, Sean D. Barrett, Fearghal Ó Cuinn, Seán Ó
Coróin, Diarmuid Mac Liam, Katherine Zappone, Mary Ann O'Brien, Séamus
Breathnach.

SECTION 3 ALT 3

1. In page 4, before section 3, to insert the following new section:

“Seanad Reform in
the event of
referendum being
defeated.

3.—In the event of the proposed amendments set out in *Schedule 1* of this Bill being rejected by the people at a referendum which is held under Article 46, the Taoiseach shall within six months of the date of the aforementioned referendum cause to be initiated a Bill to reform all aspects of Seanad Éireann, to include reforms which, *inter alia*, provide for—

(a) the election of all members of Seanad Éireann by citizens, including those entitled to citizenship from Northern Ireland,

[SECTION 3]

- (b) the implementation of the Seventh Amendment of the Constitution (Election of Members of Seanad Éireann by Institutions of Higher Education) Act 1979 as endorsed by the people in a referendum,
- (c) the revision of Article 18.1 of the Constitution so as to preclude the nomination by the Taoiseach of members of Seanad Éireann,
- (d) the diminution of the dominant role which political parties play in the nomination of members to Seanad Éireann,
- (e) the expansion of the role of Seanad Éireann so as to include the scrutiny of European Union legislation and other public scrutiny functions, and
- (f) the capping of Seanad election expenses.”.

—*Senators Katherine Zappone, Mary Ann O'Brien.*

I leathanach 5, roimh alt 3, an t-alt nua seo a leanas a chur isteach:

“Athchóiriú an tSeanaid i gcás go dteipfidh ar an reifreann.

3.—I gcás go ndiúltoídh an pobal, ag reifreann a bheidh ann faoi Airteagal 46, do na leasuithe beartaithe a leagtar amach i *Sceideal 1* a ghabhann leis an mBille seo, déanfaidh an Taoiseach, laistigh de shé mhí ó dháta an reifrinn sin a dúradh, a chur faoi deara Bille a thionscnamh chun gach gné de Sheanad Éireann a athchóiriú, ar a n-áirítear athchóirithe lena ndéanfar socrú maidir leis na nithe seo a leanas, *inter alia*—

- (a) saoránaigh, ar a n-áirítear na saoránaigh sin as Tuaisceart Éireann atá i dteideal saoránachta, do thoghadh gach comhalta de Sheanad Éireann,
- (b) an tAcht um an Seachtú Leasú ar an mBunreacht (Forais Árdoideachais do Thoghadh Comhaltaí de Sheanad Éireann), 1979 arna fhormhuiniú ag an bpobal i reifreann a chur i ngníomh,
- (c) athmheas a dhéanamh ar Airteagal 18.1 den Bhunreacht chun a chosc ar an Taoiseach comhaltaí de Sheanad Éireann a ainmniú,
- (d) laghdú a dhéanamh ar an gceannasacht a bhíonn ag páirtithe polaitíochta maidir le comhaltaí de Sheanad Éireann a ainmniú,
- (e) an ról atá ag Seanad Éireann a leathnú chun grinnscrúdú ar reachtaíocht an Aontais Eorpaigh agus feidhmeanna eile grinnscrúdaithe phoiblí a chur san áireamh, agus
- (f) teorainn a chur le caiteachais toghcháin an tSeanaid.”.

—*Na Seanadóirí Katherine Zappone, Mary Ann O'Brien.*

Section opposed.

—*Senators David Norris, Sean D. Barrett, Feargal Quinn, John Crown, Diarmuid Wilson, Katherine Zappone, Mary Ann O'Brien, Jim Walsh.*

Cuirtear i gcoinne an ailt.

—*Na Seanadóirí David Norris, Sean D. Barrett, Fearghal Ó Cuinn, Seán Ó Coróin, Diarmuid Mac Liam, Katherine Zappone, Mary Ann O'Brien, Séamus Breathnach.*

[SECTION 4]

SECTION 4

ALT 4

Section opposed.

—*Senators Diarmuid Wilson, Katherine Zappone, Mary Ann O'Brien, Jim Walsh, Terry Leyden.*

Cuirtear i gcoinne an ailt.

—*Na Seanadóirí Diarmuid Mac Liam, Katherine Zappone, Mary Ann O'Brien, Séamus Breathnach, Toirleach Ó Loideain.*

SECTION 5

ALT 5

2. In page 6, before section 5, to insert the following new section:

“5.—The Government shall be required immediately following the date of the Referendum to provide for the referral of proposals for reform of Seanad Éireann to the Constitutional Review Convention (if necessary this Convention to be specially reconstituted). The report of this Convention shall be taken into consideration together with existing reports on Seanad reform; that the 1979 Referendum passed by the people and enabling the Government to provide for reform of the University Seats shall be immediately implemented and that the Law Reform Commission be given a special brief to examine legal aspects of Seanad reform.”.

—*Senator David Norris, Sean D. Barrett, Feargal Quinn, John Crown.*

I leathanach 7, roimh alt 5, an t-alt nua seo a leanas a chur isteach:

“5.—Beidh sé de cheangal ar an Rialtas, díreach tar éis dháta an Reifrinn, socrú a dhéanamh chun tograí maidir le hathchóiriú Sheanad Éireann a chur faoi bhráid an Choinbhinsiúin um Athbhreithniú Bunreachtúil (beidh an Coinbhinsiún seo le hathbhunú go speisialta, más gá). Déanfar an tuarascáil ón gCoinbhinsiún seo, mar aon le tuarascálacha láithreacha i dtaobh athchóiriú Sheanad Éireann, a chur faoi bhreithniú; go ndéanfar Reifreann 1979, a rith an pobal, agus lenar cuireadh ar chumas an Rialtais socrú a dhéanamh maidir le hathchóiriú na Suíochán Ollscoile, a chur i ngníomh láithreach agus go leagfar cúram speisialta ar an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí scrúdú a dhéanamh ar ghnéithe dlí d’athchóiriú Sheanad Éireann.”.

—*Na Seanadóirí David Norris, Sean D. Barrett, Fearghal Ó Cuinn, Seán Ó Coróin.*

3. In page 6, before section 5, to insert the following new section:

“5.—If the proposal to amend the Constitution to abolish Seanad Éireann is rejected at the referendum, the Constitutional Convention shall be invited to consider reform of Seanad Éireann and report back to the Government with proposals for reform within 12 months from the date of the referendum.”.

—*Senators Fiach Mac Conghail, Jillian van Turnhout.*

I leathanach 7, roimh alt 5, an t-alt nua seo a leanas a chur isteach:

[SECTION 5]

“5.—Má dhiúltaítear sa reifreann don togra chun an Bunreacht a leasú chun deireadh a chur le Seanad Éireann, iarrfar ar an gCoinbhinsiún Bunreachta athchoiriú ar Sheanad Éireann a bhreithniú agus tuarascáil a thabhairt don Rialtas, ina mbeidh tograí maidir le hathchóiriú, laistigh de 12 mhí ó dháta an reifrinn.”.

—*Na Seanadóirí Fiach Mac Conghail, Jillian van Turnhout.*

4. In page 6, before section 5, to insert the following new section:

“5.—The Minister shall, within one month of the date of the referendum, bring forward a report outlining how the role of Seanad Éireann will be reformed.”.

—*Senator Jim Walsh.*

I leathanach 7, roimh alt 5, an t-alt nua seo a leanas a chur isteach:

“5.—Déanfaidh an tAire, laistigh de mhí amháin ó dháta an reifrinn, tuarascáil a thabhairt ar aghaidh ina leagfar amach conas a dhéanfar ról Sheanad Éireann a athchóiriú.”.

—*An Seanadóir Séamus Breathnach.*

5. In page 6, before section 5, to insert the following new section:

“5.—That in addition to a Yes or No question, an alternative proposal be placed on the ballot paper as follows:

‘That Seanad Éireann be reformed in accordance with the proposals on reform of the composition and functions of Seanad Éireann set out in the report of the sub-Committee on Seanad Reform, presented to Seanad Éireann in 2004.’ ”.

—*Senator Terry Leyden.*

I leathanach 7, roimh alt 5, an t-alt nua seo a leanas a chur isteach:

“5.—Go gcuirfear ar an bpáipéar ballóide, maille le ceist Tá nó Níl, togra malartach mar a leanas:

‘Go ndéanfar Seanad Éireann a athchóiriú de réir na dtograí maidir le comhdhéanamh agus feidhmeanna Sheanad Éireann a athchóiriú a leagtar amach sa tuarascáil ón bhFochoiste um Athleasú an tSeanaid, a tiolacadh do Sheanad Éireann in 2004.’ ”.

—*An Seanadóir Toirleach Ó Loideain.*

6. In page 6, lines 25 to 32, to delete subsection (1) and substitute the following:

“(1) Each and every separate amendment required by any move to destroy, abolish or in any other way mutilate Seanad Éireann shall be listed and recited in full and printed as such on any ballot paper purporting to provide for such destruction.”.

—*Senators David Norris, Sean D. Barrett, Feargal Quinn, John Crown.*

I leathanach 7, línte 25 go 32, fo-alt (1) a scriosadh agus an méid seo a leanas a chur ina ionad:

[SECTION 5]

“(1) Déanfar gach aon agus gach uile leasú ar leithligh a cheanglaítear le haon bheart chun Seanad Éireann a scriosadh, chun deireadh a chur leis nó chun é a lot in aon slí eile a liostú agus a réamhaithris go hiomlán agus a phriontáil mar sin ar aon pháipéar ballóide a bhéarfaidh le tuiscint gur páipéar ballóide é lena ndéanfar socrú maidir le scriosadh den sórt sin.”

—*Na Seanadóirí David Norris, Sean D. Barrett, Fearghal Ó Cuinn, Seán Ó Coróin.*

7. In page 6, subsection (2), line 34, after “(Abolition)” to insert “or Reform”.

—*Senators Katherine Zappone, Mary Ann O'Brien.*

I leathanach 7, fo-alt (2), líne 34, “nó Seanad Éireann a Athchóiriú” a chur isteach i ndiaidh “Éireann”.

—*Na Seanadóirí Katherine Zappone, Mary Ann O'Brien.*

Section opposed.

—*Senators Diarmuid Wilson, Jim Walsh, Terry Leyden.*

Cuirtear i gcoinne an ailt.

—*Na Seanadóirí Diarmuid Mac Liam, Séamus Breathnach, Toirleach Ó Loideain.*

SCHEDULE 1

SCEIDEAL 1

8. In page 8, before Schedule 1 to insert the following new Schedule:

“SCHEDULE 1

PART 1

Airteagal 19A

1 An tUachtarán, Dáil Éireann agus Seanad Éireann atá san Oireachtas.

2 Is de réir an Bhunreachta a dhéanfar an tOlltoghchán do Sheanad Éireann.

PART 2

Article 19A

1 The Oireachtas shall consist of the President, Dáil Éireann and Seanad Éireann.

2 The General Election for Seanad Éireann will take place in accordance with the Constitution.”

—*Senator Terry Leyden.*

[*Acceptance of this amendment involves the deletion of Schedule 1 of the Bill.*]

I leathanach 9, roimh Sceideal 1, an Sceideal nua seo a leanas a chur isteach:

“SCEIDEAL 1

CUID 1

Airteagal 19A

[SCHEDULE 1]

1 An tUachtarán, Dáil Éireann agus Seanad Éireann atá san Oireachtas.

2 Is de réir an Bhunreachta a dhéanfar an tOlltoghchán do Sheanad Éireann.

CUID 2

Article 19A

1 The Oireachtas shall consist of the President, Dáil Éireann and Seanad Éireann.

2 The General Election for Seanad Éireann will take place in accordance with the Constitution.”.

—*An Seanadóir Toirleach Ó Loideain.*

[*Má ghlactar leis an leasú seo, scriosfar Sceideal 1 a ghabhann leis an mBille.*]

9. In Part 1, page 8, to delete lines 8 to 11 and substitute the following:

“2° Is é an lá dá dtagraítear i bhfo-alt 1° den alt seo an 91ú lá a thiocfaidh Dáil Éireann le chéile den chéad uair tar éis an olltoghcháin do chomhaltaí de Dháil Éireann is túisce a bheidh ann tar eis an tAirteagal seo a achtú.”.

and

In Part 2, page 8, to delete lines 26 to 29 and substitute the following:

“2° The day referred to in subsection 1° hereof is the 91st day on which Dáil Éireann first meets after the general election for members of Dáil Éireann that next takes place after the enactment of this Article.”.

—*Senator Sean D. Barrett.*

I gCuid 1, leathanach 9, línte 8 go 11 a scriosadh agus an méid seo a leanas a chur ina n-ionad:

“2° Is é an lá dá dtagraítear i bhfo-alt 1° den alt seo an 91ú lá a thiocfaidh Dáil Éireann le chéile den chéad uair tar éis an olltoghcháin do chomhaltaí de Dháil Éireann is túisce a bheidh ann tar eis an tAirteagal seo a achtú.”.

agus

I gCuid 2, leathanach 9, línte 26 go 29 a scriosadh agus an méid seo a leanas a chur ina n-ionad:

“2° The day referred to in subsection 1° hereof is the 91st day on which Dáil Éireann first meets after the general election for members of Dáil Éireann that next takes place after the enactment of this Article.”.

—*An Seanadóir Sean D. Barrett.*

10. In page 8, to delete lines 14 to 16 and substitute the following:

“2 1° D’ainneoin an tAirteagal seo a achtú, má roghnaíonn Dáil Éireann olltoghchán do Sheanad Éireann a ghairm tar éis do Dháil Éireann teacht le chéile den chéad uair, ansin beidh sé d’oibleagáid ar Dháil Éireann Comhchoiste Oireachtais um Athchóiriú Sheanad Éireann a chruthú agus beidh sí faoi cheangal ag Airteagal 18.8 den Bhunreacht seo.

[SCHEDULE 1]

2 2° Beidh sé d'oibleagáid ar an gComhchoiste Oireachtais, sula mbeidh deireadh le seilbh oifige comhaltaí de Dháil Éireann agus de Sheanad Éireann a thoghfar san olltoghchán a bheidh ann tar éis an tAirteagal seo a achtú, tograí maidir le hathchóiriú Sheanad Éireann a thairiscint do dhá Theach an Oireachtais maille le hathchóirithe arna gcur i ngníomh don chéad olltoghchán eile do Sheanad Éireann.”.

and

In page 8, to delete lines 32 to 34 and substitute the following:

“2 1° Notwithstanding the enactment of this Article, if Dáil Éireann elects to call a general election for Seanad Éireann following the first meeting of Dáil Éireann, then Dáil Éireann will be obligated to create a Joint Oireachtas Committee on Seanad Éireann reform and be bound by Article 18.8 hereof.

2 2° Before the end of the tenure of the Dáil Éireann and Seanad Éireann elected in the general election following the enactment of this Article, the Joint Oireachtas Committee will be obligated to present proposals for reform of Seanad Éireann to both Houses of the Oireachtas with reforms implemented for the next Seanad Éireann general election.”.

—*Senator Sean D. Barrett.*

I gCuid 1, leathanach 9, línte 14 go 16 a scriosadh agus an méid seo a leanas a chur ina n-ionad:

“2 1° D’ainneoin an tAirteagal seo a achtú, má roghnaíonn Dáil Éireann olltoghchán do Sheanad Éireann a ghairm tar éis do Dháil Éireann teacht le chéile den chéad uair, ansin beidh sé d'oibleagáid ar Dháil Éireann Comhchoiste Oireachtais um Athchóiriú Sheanad Éireann a chruthú agus beidh sí faoi cheangal ag Airteagal 18.8 den Bhunreacht seo.

2 2° Beidh sé d'oibleagáid ar an gComhchoiste Oireachtais, sula mbeidh deireadh le seilbh oifige comhaltaí de Dháil Éireann agus de Sheanad Éireann a thoghfar san olltoghchán a bheidh ann tar éis an tAirteagal seo a achtú, tograí maidir le hathchóiriú Sheanad Éireann a thairiscint do dhá Theach an Oireachtais maille le hathchóirithe arna gcur i ngníomh don chéad olltoghchán eile do Sheanad Éireann.”.

agus

I gCuid 2, leathanach 9, línte 32 go 34 a scriosadh agus an méid seo a leanas a chur ina n-ionad:

“2 1° Notwithstanding the enactment of this Article, if Dáil Éireann elects to call a general election for Seanad Éireann following the first meeting of Dáil Éireann, then Dáil Éireann will be obligated to create a Joint Oireachtas Committee on Seanad Éireann reform and be bound by Article 18.8 hereof.

2 2° Before the end of the tenure of the Dáil Éireann and Seanad Éireann elected in the general election following the enactment of this Article, the Joint Oireachtas Committee will be obligated to present proposals for reform of Seanad Éireann to both Houses of the Oireachtas with reforms implemented for the next Seanad Éireann general election.”.

—*An Seanadóir Sean D. Barrett.*

[SCHEDULE 1]

11. In Part 1, page 8, to delete lines 17 and 19.

and

In Part 2, page 8, to delete lines 35 and 36.

—*Senator Sean D. Barrett.*

I gCuid 1, leathanach 9, línte 17 go 19 a scriosadh.

agus

I gCuid 2, leathanach 9, línte 35 agus 36 a scriosadh.

—*An Seanadóir Sean D. Barrett.*

12. In Part 1, page 8, after line 19, to insert the following:

“Airteagal 19B

1 D’ainneoin aon leasú eile a dhéantar nó atá beartaithe a dhéanamh leis an *Acht um an Dara Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Deireadh a Chur le Seanad Éireann), 2013*, ní thiocfaidh aon fhoráil d’fhorálacha an Achta sin, seachas an leasú a dhéantar leis an Airteagal seo, in éifeacht ná ní bheidh éifeacht le haon fhoráil den sórt sin má dhéanann an tOireachtas, roimh an lánscoir ar Dháil Éireann is túsce a tharlóidh tar éis an tAirteagal seo a achtú, aon dlí a achtú lena ndéantar socrú maidir le haon ní nó gach ní de na nithe seo a leanas:

i An modh ar a ndéanfaidh saoránaigh agus daoine eile a bhfuil cónaí orthu sa Stát na comhaltaí a thoghfar do Sheanad Éireann a thoghadh.

ii Socrú maidir le comhionannas inscne i measc na gcomhaltaí a thoghfar do Sheanad Éireann.

iii Socrú maidir leis na comhaltaí a thoghfar do Sheanad Éireann a ainmniú.

iv Socrú maidir le cearta vótála i dtoghcháin do Sheanad Éireann do shaoránaigh a bhfuil cónaí orthu i dTuaisceart Éireann agus do shealbhóirí ar phas Éireannach a bhfuil cónaí orthu lasmuigh d’Éirinn.

v Socruithe maidir le Seanad Éireann do chomhlíonadh feidhmeanna i ndáil le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh agus feidhmeanna eile grinnscrúdaithe phoiblí.

2 Déanfar an tAirteagal seo a fhágáil ar lár as gach téacs oifigiúil den Bhunreacht seo a fhoilseofar tar éis an lánscoir ar an Dáil a luaitear in alt 1 den Airteagal seo.”.

and

In Part 2, page 8, after line 36, to insert the following:

“Article 19B

1 Notwithstanding any other amendment made or proposed to be made by the *Thirty-second Amendment of the Constitution (Abolition of Seanad Éireann) Act 2013*, none of the provisions of the said Act other than the amendment made by this Article shall come into or have effect if the Oireachtas, prior to the dissolution of Dáil Éireann that next occurs after the enactment of this Article, enacts any law providing for any or all of the following matters:

[SCHEDULE 1]

- i The manner of electing the elected members of Seanad Éireann by citizens and other persons resident in the State.
- ii Provision for gender equality in the elected membership of Seanad Éireann.
- iii Provision for the nomination of elected members of Seanad Éireann.
- iv Provision for voting rights for citizens resident in Northern Ireland and for Irish passport holders resident outside Ireland in Seanad Éireann elections.
- v Provisions for the performance by Seanad Éireann of functions in relation to legislation of the European Union and other public scrutiny functions.

2 This Article shall be omitted from every official text of this Constitution published after the dissolution of the Dáil mentioned in section 1 of this Article.”.

—*Senators Feargal Quinn, Katherine Zappone, Sean D. Barrett.*

I gCuid 1, leathanach 9, i ndiaidh líne 19, an méid seo a leanas a chur isteach:

“Airteagal 19B

1 D’ainneoin aon leasú eile a dhéantar nó atá beartaithe a dhéanamh leis an *Acht um an Dara Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Deireadh a Chur le Seanad Éireann), 2013*, ní thiocfaidh aon fhoráil d’fhorálacha an Achta sin, seachas an leasú a dhéantar leis an Airteagal seo, in éifeacht ná ní bheidh éifeacht le haon fhoráil den sórt sin má dhéanann an tOireachtas, roimh an lánscoir ar Dháil Éireann is túisce a tharlóidh tar éis an tAirteagal seo a achtú, aon dlí a achtú lena ndéantar socrú maidir le haon ní nó gach ní de na nithe seo a leanas:

i An modh ar a ndéanfaidh saoránaigh agus daoine eile a bhfuil cónaí orthu sa Stát na comhaltaí a thoghfar do Sheanad Éireann a thoghadh.

ii Socrú maidir le comhionannas inscne i measc na gcomhaltaí a thoghfar do Sheanad Éireann.

iii Socrú maidir leis na comhaltaí a thoghfar do Sheanad Éireann a ainmniú.

iv Socrú maidir le cearta vótála i dtoghcháin do Sheanad Éireann do shaoránaigh a bhfuil cónaí orthu i dTuaisceart Éireann agus do shealbhóirí ar phas Éireannach a bhfuil cónaí orthu lasmuigh d’Éirinn.

v Socruithe maidir le Seanad Éireann do chomhlíonadh feidhmeanna i ndáil le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh agus feidhmeanna eile grinnscrúdaithe phoiblí.

2 Déanfar an tAirteagal seo a fhágáil ar lár as gach téacs oifigiúil den Bhunreacht seo a fhoilseofar tar éis an lánscoir ar an Dáil a luaitear in alt 1 den Airteagal seo.”.

I gCuid 2, leathanach 9, i ndiaidh líne 36, an méid seo a leanas a chur isteach:

“Article 19B

1 Notwithstanding any other amendment made or proposed to be made by the *Thirty-second Amendment of the Constitution (Abolition of Seanad Éireann) Act 2013*, none of the provisions of the said Act other than the amendment made by

[SCHEDULE 1]

this Article shall come into or have effect if the Oireachtas, prior to the dissolution of Dáil Éireann that next occurs after the enactment of this Article, enacts any law providing for any or all of the following matters:

- i The manner of electing the elected members of Seanad Éireann by citizens and other persons resident in the State.
 - ii Provision for gender equality in the elected membership of Seanad Éireann.
 - iii Provision for the nomination of elected members of Seanad Éireann.
 - iv Provision for voting rights for citizens resident in Northern Ireland and for Irish passport holders resident outside Ireland in Seanad Éireann elections.
 - v Provisions for the performance by Seanad Éireann of functions in relation to legislation of the European Union and other public scrutiny functions.
- 2 This Article shall be omitted from every official text of this Constitution published after the dissolution of the Dáil mentioned in section 1 of this Article.”.

—*Na Seanadóirí Fearghal Ó Cuinn, Katherine Zappone, Sean D. Barrett.*

Schedule opposed.

—*Senators David Norris, Sean D. Barrett, Feargal Quinn, John Crown, Katherine Zappone, Mary Ann O'Brien.*

Cuirtear i gcoinne an Sceidil.

—*Na Seanadóirí David Norris, Sean D. Barrett, Fearghal Ó Cuinn, Seán Ó Coróin, Katherine Zappone, Mary Ann O'Brien.*

SCHEDULE 2

SCEIDEAL 2

- 13.** In Part 1, page 10, line 3, after “Éireann” to insert “, mar aon le Seanad Éireann,”.

and

In Part 2, page 10, line 7, after “Éireann” to insert “together with Seanad Éireann”.

—*Senators David Norris, Sean D. Barrett, Feargal Quinn, John Crown.*

I gCuid 1, leathanach 11, líne 3 “, mar aon le Seanad Éireann,” a chur isteach i ndiaidh “Éireann”.

agus

I gCuid 2, leathanach 11, líne 7, “together with Seanad Éireann” a chur isteach i ndiaidh “Éireann”.

—*Na Seanadóirí David Norris, Sean D. Barrett, Fearghal Ó Cuinn, Seán Ó Coróin.*

Schedule opposed.

—*Senators Katherine Zappone, Mary Ann O'Brien.*

Cuirtear i gcoinne an Sceidil.

[SCHEDULE 2]

—Na Seanadóirí Katherine Zappone, Mary Ann O'Brien.

SCHEDULE 3

SCEIDEAL 3

Schedule opposed.

—Senators David Norris, Sean D. Barrett, Feargal Quinn, John Crown,
Katherine Zappone, Mary Ann O'Brien.

Cuirtear i gcoinne an Sceilil.

—Na Seanadóirí David Norris, Sean D. Barrett, Fearghal Ó Cuinn, Seán Ó
Coróin, Katherine Zappone, Mary Ann O'Brien.

SCHEDULE 4

SCEIDEAL 4

Schedule opposed.

—Senators David Norris, Sean D. Barrett, Feargal Quinn, John Crown,
Katherine Zappone, Mary Ann O'Brien.

Cuirtear i gcoinne an Sceilil.

—Na Seanadóirí David Norris, Sean D. Barrett, Fearghal Ó Cuinn, Seán Ó
Coróin, Katherine Zappone, Mary Ann O'Brien.

PREAMBLE

BROLLACH

14. In page 4, to delete lines 9 to 17.

—Senator Terry Leyden.

I leathanach 5, línte 10 go 18 a scriosadh.

—An Seanadóir Toirleach Ó Loideain.

15. In page 4, lines 9 to 17, to delete all words from and including “proposed—” in line 9 down to and including “House:” in line 17 and substitute the following:

“proposed to allow the people of Ireland to exercise their democratic right to vote whether or not to retain Seanad Éireann or to concentrate all power in one chamber and the political parties who have membership of that House.”.

—Senators David Norris, Sean D. Barrett, Feargal Quinn, John Crown.

I leathanach 5, línte 10 go 18, na focail go léir ó “beartaithe—” i líne 10, agus an focal sin san áireamh, síos go dtí “ann:” i líne 18, agus an focal sin san áireamh, a scriosadh agus an méid seo a leanas a chur ina n-ionad:

“beartaithe ligean do mhuintir na hÉireann a gceart daonlathach a oibriú chun vótáil ar cibé acu an gcoimeádfar nó nach gcoimeádfar Seanad Éireann nó an ndéanfar an chumhacht go léir a chomhchruinniú in aon seomra amháin agus sna páirtithe polaitíochta ar comhaltaí den Teach sin iad.”.

—Na Seanadóirí David Norris, Sean D. Barrett, Fearghal Ó Cuinn, Seán Ó
Coróin.

[PREAMBLE]

16. In page 4, line 10, after “abolishing” to insert “or reforming”.

—*Senator Jim Walsh.*

I leathanach 5, líne 12, “nó chun Seanad Éireann a athchóiriú” a chur isteach i ndiaidh “Éireann”.

—*An Seanadóir Séamus Breathnach.*

17. In page 4, line 12, after “abolition” to insert “or reformation”.

—*Senator Jim Walsh.*

I leathanach 5, líne 14, “nó ón dáta a dhéanfar Seanad Éireann a athchóiriú” a chur isteach i ndiaidh “Éireann”.

—*An Seanadóir Séamus Breathnach.*

18. In page 4, line 13, to delete “and Dáil Éireann” and substitute “, Dáil Éireann and Seanad Éireann”.

—*Senator Jim Walsh.*

I leathanach 5, líne 13, “agus Dáil Éireann” a scriosadh agus “, Dáil Éireann agus Seanad Éireann” a chur ina ionad.

—*An Seanadóir Séamus Breathnach.*

19. In page 4, between lines 17 and 18, to insert the following:

“(C) in the event of the amendments proposed in this Bill being defeated at a referendum it is necessary to make provision for the reform of the Seanad:”.

—*Senators Katherine Zappone, Mary Ann O'Brien.*

I leathanach 5, idir línte 18 agus 19, an méid seo a leanas a chur isteach:

“(C) i gcás go dteipfidh i reifreann ar na leasuithe atá beartaithe sa Bhille seo gur gá socrú a dhéanamh maidir leis an Seanad a athchóiriú.”.

—*Na Seanadóirí Katherine Zappone, Mary Ann O'Brien.*

TITLE

AN TEIDEAL

20. In page 4, line 5, after “CONSTITUTION” to insert the following:

“AND TO MAKE PROVISION FOR THE REFORM OF SEANAD ÉIREANN IN THE EVENT THAT THE PROPOSED AMENDMENT IS REJECTED BY THE PEOPLE”.

—*Senators Katherine Zappone, Mary Ann O'Brien.*

I leathanach 5, líne 6, an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh “LEASÚ”:

“AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE SEANAD ÉIREANN A ATHCHÓIRIÚ I gCÁS GO NDIÚLTÓIDH AN POBAL DON LEASÚ BEARTAITHE”.

—*Na Seanadóirí Katherine Zappone, Mary Ann O'Brien.*